



Polasaí CianMhúineadh agus CianFhoghlaim

De bharr an éiginnteacht maidir le dúnadh na scoileanna, tá plean curtha le chéile againn maidir leis an nasc idir an baile agus an scoil a choinneáil. Mar fhreagra ar an ngá go ndúnfar na scoileanna/cuid de na scoileanna arís, beimid ag coinneáil i dteangmháil lenár scoláirí ar mhodhanna difriúla.

Tuigimid go bhfuil tábhacht faoi leith ag baint le sábháilteacht ar an idirlín, agus tá an doiciméad seo curtha le chéile chun cosaint a chur ar fáil do mhúinteoirí agus scoláirí, nuair atá cianmhúineadh agus cianfhoghlaim ar siúl.

Ní thógann an polasaí seo áit an Pholasaí Úsáide Inghlactha. Cuireann an polasaí seo leis, maidir le foghlaim ar líne. Ba chóir an doiciméad seo a léamh i dteannta leis an gCód Iompar agus an Polasaí Frith-Bhulaíochta.

Is é an príomh-aidhm atá ag scoileanna ná leas na ndaltaí. Cinntíonn an doiciméad seo go bhfuil an cianfhoghlaim sábháilte do na daltaí agus go bhfuil eolas maidir leis na daltaí, sábháilte faoin bPolasaí Cosaint Sonraí. Caithfidh scoileanna cinntiú go bhfuil an fhoghlaim ag tarlú i dtimpeallacht atá cothrom, ómósach agus a chomhlíonann a ndualgaisí.

Cuireadh an Polasaí seo le chéile ag cur san áireamh treoir ó thuairiscí an Roinn Oideachais agus rannóga eile cuí ó:

- a) An tAcht Oideachais (1998)
- b) An tAcht Oideachais (Leas) (2000)
- c) An tAcht Comhionannais (2000)
- d) An tAcht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu (2004)
- e) Acht um Míchumas 2005
- f) An tAcht um Thús Áite do Leanaí (2017)
- g) Cosaint Sonraí
- h) An tAcht Um Chosaint Sonraí (2018)
- i) An Roinn Oideachais: Treoirlínte um Chosaint Leanaí do bhunscoileanna
- j) CNOS Treoirlínte maidir le Cód Iompar a fhorbairt (2008)
- k) ROS: Treoir do Leanúnachas Scolaíochta Do bhunscoileanna (Bealtaine 2020)
- l) ROS: Leanúnachas scolaíochta: Ag tacú le daltaí atá ins an ardriosca ag COVID-19 (Lúnasa 2020)
- m) **Cosán Tástála COVID-19 do Phobail Scoile**

Is doiciméad beo é seo. De réir mar a thagann breis eolais maidir leis an gcianfhoghlaim chun cinn, déanfar athbhreithniú ar an bpolasaí seo.

Comhthéacs

Tá múinteoireacht agus foghlaim ag síor-athrú i gcónaí. Tugann na forbairtí teicneolaíochta deiseanna iontacha dúinn mar mhúinteoirí agus mar fhoghlaimoirí. Faoi láthair, is féidir foghlaim a dhéanamh ag baint úsáid as an teicneolaíocht.

Athraíonn sé sin an gaol foghlama idir an múinteoir agus an dalta. Anois, is féidir tascanna a thabhairt ar líne agus tugtar deiseanna foghlama do dhaltaí ar líne faoi threoir an mhúinteora. Tá sé fíor-thábhachtach áfach, go dtuigeann gach duine go bhfuil na rialacha céanna i bhfeidhm nuair atá an fhoghlaim ar siúl, bíodh sé ar scoil nó an cianfhoghlaim.

I Scoil na bhForbacha, tugtar aitheantas go bhfuil comhoibriú ar líne riachtanach don chianfhoghlaim agus go bhfuil clainnte na scoile i bhfábhhar níos mó deiseanna a thabhairt chun an teangmháil idir an scoil agus an baile a fhorbairt. Úsáidtear réimse uirlísí ar líne a chabhraíonn le múineadh agus foghlaim éifeachtach, chomh maith le cumarsáid níos éifeachtaí idir dhaltaí, foireann agus clainn na scoile.

Treoirínte maidir le deá-chumarsáid ar líne i Scoil na bhForbacha:

1. Níl sé de chead grianghrafanna nó taifeadadh a dhéanamh ar ghlaochanna.
2. Ba chóir go mbeadh iompar gach duine, idir foireann, clainne agus daltaí, ómósach, sábháilte agus cineálta ar líne.
3. Tá sé faoi chúram na dtuismitheoirí/caomhnóirí maoirseacht a dhéanamh ar na daltaí agus iad ag obair ar líne, agus a chinntiú go bhfuil an obair a chuirtear ar aghaidh ag an múinteoir feiliúnach.
4. Beidh foireann na scoile i dteangmháil leis na daltaí agus a gclann trí, Aladdin, Seesaw agus ar uaireamh Zoom.
5. Úsáidfear na modhanna leictreónach teangmhála ar chúiseanna oideachasúla amháin chun teangmháil a dhéanamh le daltaí.
6. Úsáidfídh daltaí agus múinteoirí Aladdin/Gmail/Seesaw/Zoom amháin chun teangmháil a dhéanamh.
7. Cuirfear pasfhocail ar fáil do dhaltaí chun logáil isteach.
8. Ní bheidh Scoil na bhForbacha ag glacadh freagracht maidir le sábháilteacht na n-ardáin ar líne, más rud é ndéanfar comhghéilleadh orthu.

Úsáidfídh Scoil na bhForbacha na h-ardán ar líne thuasluaite chun cumarsáid agus teangmháil a dhéanamh le clainnte/daltaí. Beidh meascán de thascanna, ranganna agus físeáin le feiceáil sa teangmháil seo.

Aladdin

Beidh Scoil na bhForbacha i dteangmháil go rialta le tuismitheoirí tríd Aladdin nó Gmail. Tá sé fíor-thábhachtach go ndéanfar seiceáil rialta ar ríomhphostanna ón scoil.

Tá seoladh ríomhphoist ranga ag gach múinteoir agus úsáidfear é seo chun teangmháil

a dhéanamh le tuismitheoirí/caomhnóirí. Is féidir le tuismitheoirí teangmháil a dhéanamh leis na múinteoirí ar an seoladh seo. Freagrófar ceisteanna maidir le foghlaim agus múineadh do pháiste i rith am scoile (9.00 – 2.40).

Seesaw

Úsáidfeadh Seesaw i ngach rang. Is féidir leis na páistí a bhfillteán pearsanta a fheiceáil agus obair a chur suas air chun go bhfeicfidh an múinteoir ranga é. Beidh cód pearsanta curtha ar fáil do gach páiste. Cuirfeadh ranganna agus tascanna suas ar Seesaw do na páistí.

Zoom

Is árdán físchomhdhála é seo a thugann deis do na múinteoirí, foirne agus daltaí teangmháil a dhéanamh i gceangal beo. Déanfar ceangal de réir socrúchán réamhdhéanta.

Rialacha do dhaltaí ag úsáid modhanna cumarsáide ar líne

Maidir le obair a chur isteach:

1. Cuir obair agus pictiúirí feiliúnacha ar aghaidh. Déan cinnte go mbreathnóidh duine fásta air ar dtús.
2. Úsáid focail atá cineálta agus cáirdiúil.

Maidir le glaochanna físe ar Zoom:

1. Úsáid do ainm clainne ag gach cruinniú
2. Níl cead grianghrafanna nó taifeadadh a dhéanamh.
3. Cuimhnigh ar rialacha na scoile – tá siad fós i bhfeidhm, fiú ar líne.
4. Cuir an gléas ar siúl in áit chiúin, gan aon torann sa chúlra.
5. Déan cinnte go bhfuil do micreafón múchta nuair a thagann tú ag an rang.
6. Árdáigh do lámh chun ceist a chur, díreach mar a dhéanfa sa seomra ranga.
7. Má tá deis labhartha agat, úsáid do ghnáth ghlór, ag baint úsáid as focail chineálta agus cháirdiúla.
8. Taispeáin meas do dhaoine eile tríd éisteacht leo ag caint.
9. Bí gléasta go cuí
10. Bí in am.
11. Bain taitneamh as!

Treoirlínte do thuismitheoirí agus caomhnóirí

Don fhoghlaim

1. Tá an freagracht ar thuismitheoirí/caomhnóirí maoirseacht chúí a chur ar fáil nuair ata páistí ar líne.
2. Téigh tríd an obair a chuireann na daltaí ar aghaidh, ag cinntiú go bhfuil sé feiliúnach.
3. Déan cinnte go ndéantar dul siar rialta ar shábhailteacht ar an idirlín.

Maidir le glaochanna físe ar Zoom:

1. Níl cead grianghrafanna nó taifeadadh a dhéanamh riamh.
2. Déan cinnte go bhfuil an seoladh ríomhphost ceart ag an scoil chun teangmháil a dhéanamh leat.
3. Tá sé mar phríomh aidhm ag an nglaoch físe go mbeadh ceangailt shóisialta idir na múinteoirí agus na daltaí agus iad ag déanamh an chianfhoghlaim. Spreag na daltaí chun éisteacht agus taitneamh a bhaint as.
4. Bí aireach mar go bhfuil tú le feiceáil agus le cloisteáil i nglaochanna grúpaí muna bhfuil an micreafón nó an ceamara múchta.
5. Beidh ort fanacht sa seomra feithimh sula bhfaigheann cuireadh le teacht isteach. Ba cheart go mbeadh tú ansin 5 nóiméad roimh an seisiún le deis a thabhairt an seoladh a sheiceáil.
6. Déan cinnte go bhfuil do pháiste in am le haghaidh glaoch agus nach bhfuil siad ag teacht ag rang déanach.
7. Taispeáin do do pháiste conas an bhogearra a úsáid roimh ré. Déan cinnte go bhfuil siad ábalta an mireafón agus an ceamara a mhúchadh agus a chasadh as.
8. Ba choir go mbeadh daltaí gléasta go cúí.
9. Ba chóir an glaoch a dhéanamh i seomra ciúin, feiliúnach.

Tabhair faoi deara go gcuirfear stop le haon chumarsáid mar seo muna leanfar na treoirlínte thuas. D'fhéadfaí páiste a chur amach as an gcruinniú nó deireadh a chur leis an gcruinniú láithreach.

Prótacail CianMhúineadh agus CianFhoghlaim do Dhaltaí

- Déan an obair chuí gach seachtain.
- Déan cumarsáid i rith gnáth am scoile i gcónaí.
- Lean an féilire scoile.
- Seasann na polasaithe scoile seo a leanas nuair a bhíonn an cianmhúineadh agus an cianfhoghlaim ar siúl:
 - ✓ An Cód Iompar
 - ✓ An Polasaí frith-bhullaíochta
 - ✓ Polasaí Úsáide Inghlactha
 - Beidh deá-chleachtais múinteoireachta agus foghlamtha i bhfeidhm i gcónaí. Táthar ag súil go ndéanfaidh gach dalta a c(h)uid oibre chomh maith agus is féidir agus go gcuirfidh isteach in am é, nuair is féidir. Déanfar gach iarracht soláthar a dhéanamh do pháistí le riachtanaisí speisialta oideachasúil nuair atá an cianfhoghlaim ar siúl.

Prótacail CianMhúineadh agus CianFhoghlaim do Thuismitheoirí

- Iarrtar ar thuismitheoirí/caomhnóirí a chinntiú go leanann na daltaí na prótacail thuasluaite.
- Déan seic ar obair na bpáistí go laethúil agus labhair le do pháiste faoin obair a tugadh.
- Tá sláinte na bpáistí fíor-thábhachtach. Is féidir le rudaí athrú go tapa, do mhúinteoirí agus do thuismitheoirí. Coinnigh peirspictíocht ar an scolaíocht agus ná lig d'aon rud a bhaineann leis an scoil cur isteach ar do pháiste. Is iad na thuismitheoirí príomh-theagascóirí na bpáistí. Molaimid beagáinín oibre a dhéanamh gach lá. Cuirfimid an obair ar fáil agus tabharfaimid treoir agus iarraidimid ar thuismitheoirí agus daltaí a ndícheall a dhéanamh.

Prótacail CianMhúineadh agus CianFhoghlaim do Mhúinteoirí

- Déan seic ar an obair gach seachtain.
- Déan cumarsáid i rith gnáth am scoile i gcónaí.
- Lean an féilire scoile.
- Seasann na polasaithe scoile seo a leanas nuair a bhíonn an cianmhúineadh agus an cianfhoghlaim ar siúl:
- Polasaí Cosaint Leanáí

- Polasaí Cosaint Sonraí
- Beidh deá-chleachtais múinteoireachta agus foghlamtha i bhfeidhm i gcónaí. Táthar ag súil go ndéanfaidh gach dalta a c(h)uid oibre chomh maith agus is féidir agus go gcuirfidh isteach in am é nuair is féidir.

Soláthar CianMhúineadh agus CianFhoghlaim le haghaidh cásanna Covid-19 faoi leith

Soláthar do pháistí ar árd-riosca Covid-19

Beidh an scoil i dteangmháil go díreach le tuismitheoirí maidir le páistí ar cinneadh go bhfuil siad ar **árd-riosca** Covid-19 i ndiaidh teastas leighis a chur ar fáil don scoil.

I gcásann páistí eile gur ordaigh a ndochtúir nó FSS féin-aonarú a dhéanamh, beidh soláthar oideachasúil mar seo a leanas:

1. **Páistí atá ag fanacht ar thorthaí scrúdú Covid dóibh féin/baill clainne agus gur ordaigh an dochtúir dóibh aonarú a dhéanamh sa bhaile:** Tabharfar cabhair breise do na páistí sin lena bhfoghlaim nuair a fhilleann siad ar scoil.
2. **Páistí atá ag déanamh aonarú ar ordaithe dhochtúra de bharr cás cinntithe Covid ina gclann/teangmháil cóngarach taobh amuigh den scoil (tréimhse aonarú 14 lá):** Déanfaidh an múinteoir ranga teangmháil ar Seesaw/Zoom.
3. **Nead scoile ag déanamh féin-aonarú ordaithe ag an FSS:** Déanfaidh an múinteoir ranga teangmháil ar Seesaw/Zoom.
4. **Rang iomlán ag déanamh féin-aonarú ordaithe ag an FSS:** Déanfaidh an múinteoir ranga teangmháil laethúil ar Seesaw/ Zoom.
5. **Scoil iomlán dúnta ar chomhairle an FSS (fad dúnta molta ag bhun Sláinte Poiblí):** Beidh na múinteoirí i dteangmháil leis na páistí ag úsáid físeáin, ranganna taifeadaithe, Seesaw/Zoom.

Mar gur eachtra as an ngnáth é seo, tá seans ann go ndeanfar athraithe riachtanacha ar an bPolasaí seo.

Achoimhre:

- Déan an méid agus gur féidir leat. Díriú ar an obair atá leagtha amach ag an múinteoir agus ná éigh níos faide sa leabhar oibre ná mholann an múinteoir.
- Ní bheidh aon obair scoile leagtha amach le haghaidh laethanta saoire nó lá saor ón scoil. Ní bheidh aon chumarsáid ar Seesaw/Zoom i rith na hamantaí seo.
- Coinnigh súil ar ríomhphostanna agus téacsanna ón scoil. Is iad seo na príomh mhódhanna teangmhála.
- Iarrtar ar thuismitheoirí/caomhnóirí, daltaí agus múinteoirí a chinntiú go leanfar na prótacail atá leagtha síos.
- Muna bhfuil iarracht déanta agat ar Seesaw/Zoom, iarrtar ort é a dhéanamh go luath. Má tá deacrachtaí agat, cuir ríomhphost ag an scoil agus beimid in ann cabhair a thabhairt.

SCOIL NA BHFORBACHA,NA FORBACHA,CO. NA GAILLIMHE ROLLA 17668G

Gabhaimid buíochas le gach duine as ucht cloígh leis na treoirlínte thuas chun sábhailteacht gach duine a chosaint.

D'fhéadfaí athraithe teacht ar an bpolasaí de bharr threoir nó teagasc ón ROS/ RSS.

Eanair 2021